



Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--	--

General Certificate of Secondary Education

Matamaitic

Aonad M6 Páipéar 1
(Gan Áireamhán)

Bonnsraith



[GMC61]

GMC61

Measúnú

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Leibhéal Rialaithe an Mheasúnaithe
Ticeáil an bosca ábhartha (✓)

Coinníollacha Rialaithe	
Eile	

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na ceistanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.

Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **seacht gceist déag**.

Ba chóir an obair go léir a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Níl cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Ba chóir go mbeadh, rialóir, compáis agus uillinntomhas agat.

Tá an Bhileog Foirmilí ar leathanach 2.


12374.05




20GMC6101

Bileog Foirmlí

$$\text{Achar traipéisiam} = \frac{1}{2}(a+b)h$$



$$\text{Toirt phriosma} = \text{achar trasghearrtha} \times \text{fad}$$



1 Tá cúig bhratach ón Áise ag Ben.

Tá siad ón Mhalaeisia, ón Mhongóil, ó Mhaenmar, ón Téaváin agus ó Vítneam.


Tógann Ben ceann amháin de na bratacha seo go randamach.

(a) Marcáil, le **V** ar an scála dóchúlachta, an dóchúlacht gur ó Vítneam atá an bhratach a tógadh.



[1]

(b) Marcáil, le **M** ar an scála dóchúlachta, an dóchúlacht gur ó thír a thosaíonn le M atá an bhratach a tógadh.



[1]

[Tiontaigh an leathanach



2 (a) Ciorclaigh an dá aonad de thoilleadh.

galúin mílte piontaí point clocha slata [1]

(b) Tá Jack 6 troithe 3 orlach ar airde.

Tá Jill 5 troithe 8 n-orlach ar airde.

Tá 1 troigh = 12 orlach

Cá mhéad orlach atá Jack níos airde ná Jill?

Freagra _____ orlach [2]

3 Bain úsáid as $5 \times 12 = 60$ $60 \div 5 = 12$ agus $12 \div 5 = 2.4$

le hiad seo a leanas a chomhlánú.

(a) $\times 12 = 600$ [1]

(b) $600 \div$ $= 120$ [1]

(c) $12 \div 50 =$ [1]



4 Tá dhá scáileán i bpictiúrlann.


Téann 500 duine chuig an phictiúrlann oíche Dé Sathairn.

Téann $\frac{3}{5}$ de na daoine seo chuig scáileán 1

Is páistí iad 40% de na daoine a théann chuig scáileán 2

Cá mhéad páiste a théann chuig scáileán 2?

Taispeáin do chuid oibre uilig.



Freagra _____ [3]

[Tiontaigh an leathanach



5 (a) Scríobh, san fhoirm is simplí aige, an cóimheas 12 : 30

Freagra _____ [1]

(b) (i) Tá líon brící bréige ag Mark agus Dylan
sa chóimheas 3 : 2

Cad é an codán de na brící atá ag Mark?

Freagra _____ [1]


(ii) Tá 35 bríce san iomlán acu.

Cá mhéad atá ag gach duine acu?

Freagra Tá _____ ag Mark, tá _____ ag Dylan [2]



6 Ar an eangach thíos, méadaigh an cruth le factóir scála 2



[2]

[Tiontaigh an leathanach



- 7 Cé acu de na huimhreacha thíos a thaispeánann nach bhfuil an ráiteas seo a leanas fíor?

“Más corruimhir ar bith é P , ansin is uimhir phríomha i gcónaí é $P + 2$ ”

Taispeáin do chuid oibre uilig sula dticeálann tú an bosca ceart.

$P = 1$

$P = 5$

$P = 3$

$P = 7$

[2]



8 I rang Bhliain 12, rinneadh an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh.

	Buachaillí	Cailíní
Caitheann siad spéaclaí	3	5
Ní chaitheann siad spéaclaí	10	6

(a) Cad é an codán de na daltaí sa rang a chaitheann spéaclaí?

Freagra _____ [2]

(b) Roghnaíodh dalta go randamach ón rang.

Cad é an dóchúlacht gur buachaill nach gcaitheann spéaclaí é an dalta?

Freagra _____ [1]

(c) Téann buachaill nua isteach sa rang an tseachtain ina dhiaidh sin.

Caitheann sé spéaclaí.

An athróidh sé seo an dóchúlacht go roghnófar cailín go randamach anois a chaitheann spéaclaí?

Mínigh do fhreagra go soiléir.

Freagra _____ mar _____ [2]

[Tiontaigh an leathanach



9 Athraigh 20 míle/u ina km/u.


Freagra _____ km/u [2]

12374.05



20GMC6110

10 Bain úsáid as an ghráf tiontaithe seo le freagra a thabhairt orthu seo a leanas.



(a) Coinníonn drum a ola 15 ghalún d'ola.

Cá mhéad lítear d'ola é seo?

Freagra _____ lítear [1]

(b) Coinníonn umar ola 900 lítear d'ola.

Cá mhéad galún d'ola é seo?

Freagra _____ galún [1]

(c) Comhlánaigh an abairt seo.

Tá galún thart faoi _____ uair níos mó ná lítear. [1]

[Tiontaigh an leathanach



11 “Amharc a Dhaid,” arsa Erin.

“Seo na boinn airgid uilig ó mó mhuc thaisce.”

“Cá mhéad airgid atá agat?” arsa Daid.

“Is boinn 5p iad $\frac{1}{3}$ acu, is boinn 10p iad $\frac{1}{4}$ acu agus is boinn 50p iad na 10 mbonn eile,” arsa Erin.

Cad é an méid iomlán airgid atá ag Erin?

Taispeáin an obair uilig.


Freagra _____ [5]



12 Is peinteagán é ABCDE.

Is línte díreacha iad AF agus CG.

Oibrigh amach luach $x + y + z$



níl an léaráid
tarrainthe go
cruinn

Freagra _____ $^\circ$ [5]

[Tiontaigh an leathanach

12374.05



20GMC6113

13 Simpligh gach ceann acu seo a leanas.

(a) $4p^3 \times 3p^4$

Freagra _____ [1]

(b) $(q^2)^3 \div q^8$

Freagra _____ [1]

14 Faigh an $n^{\text{ú}}$ téarma den tseicheamh

7, 4, 1, -2,

Freagra tá an $n^{\text{ú}}$ téarma = _____ [2]



15 Tástálann Tony díse sésheasach a chreideann sé atá claonta i dtreo na ré-uimhreacha.

Déanann sé turgnamh tríd an díse a rolladh.

Taifeadann sé na torthaí mar R (ré-uimhir) nó C (corruimhir).

R C R C R R C R R C R C

(a) Cad é an mhinicíocht choibhneasta de ré-uimhir?

Freagra _____ [1]

(b) Cad mar a thiocfadh le Tony an turgnamh a fheabhsú?

Freagra _____ [1]

16 Scríobh y i dtéarmaí na n -athróg eile de

$$3y - 12 = 4x$$

Freagra $y =$ _____ [2]

[Tiontaigh an leathanach



17 Is é $3x$ cm fad dronuilleoige agus is é $(x + 5)$ cm a leithead.

Tá an fad níos mó ná an leithead.


(a) Scríobh an fhaisnéis seo mar éagothromóid in x .

Freagra _____ [1]

(b) (i) Réitigh an éagothromóid.

Freagra _____ [1]

(ii) Taispeáin do fhreagra ar an uimhirlíne thíos.



[1]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR





LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12374.05



20GMC6117

LEATHANACH BÁN
NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12374.05



20GMC6118





LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12374.05



20GMC6119

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
15	
16	
17	

Marc Iomlán	
--------------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

12374.05



20GMC6120